# COMHAONTÚ
# LENA LEASAÍTEAR AN COMHAONTÚ MAIDIR LE RANNÍOCAÍOCHTAÍ LEIS AN gCISTE RÉITIGH AONAIR A AISTRIÚ AGUS A FHRITHPHÁIRTIÚ

IDIR RÍOCHT NA BEILGE, POBLACHT NA BULGÁIRE, POBLACHT NA SEICE, RÍOCHT NA DANMHAIRGE, POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE, POBLACHT NA hEASTÓINE, ÉIRE, AN PHOBLACHT HEILLÉANACH, RÍOCHT NA SPÁINNE, POBLACHT NA FRAINCE, POBLACHT NA CRÓITE, POBLACHT NA hIODÁILE, POBLACHT NA CIPIRE, POBLACHT NA LAITVIA, POBLACHT NA LIOTUÁINE, ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG, AN UNGÁIR, POBLACHT MHÁLTA, RÍOCHT NA hÍSILTÍRE, POBLACHT NA hOSTAIRE, POBLACHT NA POLAINNE, POBLACHT NA PORTAINGÉILE, POBLACHT NA SLÓIVÉINE, POBLACHT NA SLÓVAICE AGUS POBLACHT NA FIONLAINNE

# BROLLACH

Tá NA PÁIRTITHE CONARTHACHA, Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, Éire, An Phoblacht Heilléanach, Ríocht Na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cróite, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, an Ungáir, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne (na "Sínitheoirí");

AG MEABHRÚ DÓIBH an ráiteas ón nGrúpa Euro agus ó Airí ECOFIN an 18 Nollaig 2013 maidir leis an gcúlstop don Sásra Réitigh Aonair a bhaineann le tiomantas go ndéanfar cúlstop coiteann a bheidh go hiomlán oibríochtúil a fhorbairt ar a dhéanaí tar éis deich mbliana;

AG MEABHRÚ DÓIBH INA THEANNTA SIN gur fhormhuinigh Cinn Stáit nó Rialtais na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu, ag Cruinniú Mullaigh Euro an 14 Nollaig 2018, pacáiste cuimsitheach d'fhonn an tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a neartú, lena n-áirítear Téarmaí Tagartha an Chúlstop Choitinn don Chiste Réitigh Aonair ("an Ciste"). De bhun na dtéarmaí sin, thabharfaí isteach an cúlstop coiteann trí athruithe teoranta ar an gComhaontú maidir le ranníocaíochtaí leis an gCiste Réitigh Aonair a aistriú agus a fhrithpháirtiú roimh dheireadh na hidirthréimhse, ar choinníoll go ndearnadh dul chun cinn leordhóthanach i ndáil le laghdú riosca, tar éis cinneadh polaitiúil bunaithe ar mheasúnú ar laghdú riosca arna dhéanamh ag na hinstitiúidí agus na húdaráis inniúla in 2020. Ina theannta sin, bheadh na ceanglais maidir le laghdú riosca i gcomhréir le leibhéal uaillmhéine an chúlstop choitinn san idirthréimhse i gcomparáid le leibhéal an chúlstop shochair;

AG AITHINT DÓIBH, i gcás ina dtugtar isteach an cúlstop coiteann roimh dheireadh na hidirthréimhse, ina ndéantar ranníocaíochtaí *ex ante* leis an gCiste a leithdháileadh ar urranna éagsúla atá faoi réir frithpháirtiú forchéimnitheach, go n-éascófaí, le frithpháirtiú ranníocaíochtaí urghnácha *ex post* ar bhealach comhchosúil, aistriú rianúil ó struchtúr urrainne an Chiste den chineál sin chuig struchtúr lán-fhrithpháirtithe;

AG MEABHRÚ DÓIBH INA THEANNTA SIN gur fhormhuinigh na hAirí Airgeadais, ag an gcruinniú den Ghrúpa Euro an 4 Nollaig 2019 i bhformáid chuimsitheach, na módúlachtaí teicniúla d'fhrithpháirtiú ranníocaíochtaí urghnácha *ex post* leis an gCiste;

AG MEABHRÚ DÓIBH INA THEANNTA SIN nár cheart feidhm a bheith ag an gComhaontú Leasaitheach seo go dtí go dtiocfaidh na Páirtithe Conarthacha uile atá rannpháirteach sa Sásra Maoirseachta Aonair agus sa Sásra Réitigh Aonair ar an tátal go ndearnadh dul chun cinn leordhóthanach i ndáil le laghdú riosca de réir mar a thagraítear dó i dTéarmaí Tagartha an Chúlstop don Chiste Réitigh Aonair, mar a d'fhormhuinigh Ceannairí Stáit nó Rialtais na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu iad ag an gCruinniú Mullaigh Euro an 14 Nollaig 2018 i bhformáid chuimsitheach, agus go dtí go dtiocfaidh rún ó Bhord Gobharnóirí an tSásra Cobhsaíochta Aonair chun an tsaoráid chúlstop a dheonú i bhfeidhm,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

## AIRTEAGAL 1

### Leasuithe ar an gComhaontú maidir le ranníocaíochtaí leis an gCiste Réitigh Aonair a aistriú agus a fhrithpháirtiú

Leasaítear an Comhaontú maidir le ranníocaíochtaí leis an gCiste Réitigh Aonair a aistriú agus a fhrithpháirtiú mar a leanas:

(1) in Airteagal 5, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (d) agus phointe (e):

"(d) uimhir a ceathair, agus gan dochar do chumhachtaí an Bhoird a luaitear i bpointe (e), mura leor na hacmhainní airgeadais dá dtagraítear i bpointe (c) chun costais aon bheart réitigh ar leith a chumhdach, déanfaidh na Páirtithe Conarthacha na ranníocaíochtaí urghnácha *ex post* a fuarthas ó na hinstitiúidí a údaraítear ina gcríocha faoi seach a aistriú go dtí an Ciste, ar ranníocaíochtaí iad a cruinníodh i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos in Airteagal 71 de Rialachán SRA, i gcomhréir leis an méid a leanas:

– mar chéad chéim, déanfaidh na Páirtithe Conarthacha lena mbaineann dá dtagraítear i bpointe (a) nó, i gcás réiteach ar ghrúpa trasteorann, na Páirtithe Conarthacha lena mbaineann nár sholáthair dóthain acmhainní airgeadais faoi phointe (a) go pointe (c) i ndáil le réiteach na n-eintiteas a údaraítear ar a gcríocha, ranníocaíochtaí urghnácha ex post suas go dtí an méid a ríomhfar mar uasmhéid na ranníocaíochtaí urghnácha ex post a fhéadfar a chruinniú ó institiúidí a údaraítear ina gcríocha i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 71(1) de Rialachán SRA arna iolrú faoin gcéatadán ábhartha (an "t-uasmhéid"), a aistriú chuig an gCiste. Chun críche na fleisce seo, cinnfear an céatadán trí thagairt do dháta theacht i bhfeidhm na scéime réitigh. Is ionann é agus 30% amhail ó dháta chur i bhfeidhm na fleisce seo agus le linn na coda eile den ráithe féilire ina bhfuil an dáta sin. Laghdófar an céatadán ar bhonn ráithiúil le méid arb ionann é agus 30 pointe céatadáin arna roinnt ar líon na ráithí féilire atá fágtha den idirthréimhse, lena n-áirítear an ráithe ina bhfuil dáta chur i bhfeidhm na fleisce seo. Chun críocha na fleisce seo, bainfear ón uasmhéid suim na ranníocaíochtaí urghnácha *ex post* atá cruinnithe cheana féin sa bhliain chéanna agus atá fós le cruinniú sa bhliain chéanna faoin bhfleasc seo maidir le gníomhaíochtaí réitigh roimhe sin;

– mar dhara céim, mura leor na hacmhainní airgeadais a bheidh ar fáil faoin gcéad fhleasc, aistreoidh na Páirtithe Conarthacha uile chuig an gCiste na ranníocaíochtaí urghnácha ex post is gá chun an chuid atá fágtha de chostais na gníomhaíochta réitigh ar leith a chumhdach suas go dtí an méid a ríomhfar mar uasmhéid na ranníocaíochtaí urghnácha ex post a fhéadfar a chruinniú ó institiúidí a údaraítear ina gcríocha i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 71(1) de Rialachán SRA, arna iolrú faoi chéatadán atá cothrom le 100 % lúide an céatadán a chuirfear i bhfeidhm i gcomhréir leis an gcéad fhleasc (an "t-uasmhéid frithpháirtithe"). Chun críocha na fleisce seo, bainfear ón uasmhéid frithpháirtithe suim na ranníocaíochtaí urghnácha ex post atá cruinnithe cheana sa bhliain chéanna agus atá fós le cruinniú sa bhliain chéanna faoin bhfleasc seo maidir le gníomhaíochtaí réitigh roimhe sin.

(e) Mura leor na hacmhainní airgeadais dá dtagraítear i bpointe (c) chun costais aon ghníomhaíocht réitigh ar leith a chumhdach, agus a fhad is nach mbeidh rochtain láithreach ar na ranníocaíochtaí urghnácha ex post dá dtagraítear i bpointe (d), lena n-áirítear ar chúiseanna a bhaineann le cobhsaíocht na n-institiúidí lena mbaineann, féadfaidh an Bord a chuid cumhachta a fheidhmiú chun iasachtaíocht nó cineálacha eile tacaíochta a chonrú le haghaidh an Chiste i gcomhréir le hAirteagail 73 agus 74 de Rialachán SRA, nó a chuid cumhachta chun aistrithe sealadacha a dhéanamh idir urranna i gcomhréir le hAirteagal 7 den Chomhaontú seo.

I gcás ina gcinnfidh an Bord na cumhachtaí a luaitear sa chéad fhomhír den phointe seo a fheidhmiú, aistreoidh na Páirtithe Conarthacha, gan dochar don tríú fomhír den phointe seo, na ranníocaíochtaí urghnácha ex post chuig an gCiste d'fhonn na hiasachtaíochtaí nó an cineál eile tacaíochta nó an t-aistriú sealadach idir urranna a chúiteamh, i gcomhréir leis an gcéad agus an dara fleasc de phointe (d) le linn na tréimhse aibíochta agus go dtí an t-aisíoc iomlán. Chun amhras a sheachaint, beidh feidhm ag an gcéatadán ábhartha céanna a chinntear i gcomhréir le pointe (d) le linn na tréimhse aibíochta.

I dtaca le scéim réitigh áirithe a tháinig i bhfeidhm le linn na hidirthréimhse, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

– maidir le hiomlán na ranníocaíochtaí urghnácha *ex post* a bheidh le haistriú i leith an ghnímh réitigh áirithe sin agus iad sin a bheidh fós le haistriú i leith gníomhaíochtaí réitigh áirithe roimhe seo ag na Páirtithe Conarthacha lena mbaineann faoi (i) an chéad fhleasc de phointe (d) agus (ii) faoin bpointe (e) seo arna chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an gcéad fhleasc de phointe (d), ní sháróidh sé an t-uasmhéid arna iolrú faoi thrí);

– ina dhiaidh sin, maidir leis an iomlán atá cothrom le méid iomlán na ranníocaíochtaí *ex ante* a íocadh isteach ar dháta theacht i bhfeidhm na scéime réitigh áirithe sin cé is moite dóibh siúd a cruinníodh i ndáil le heisíocaíochtaí de chuid an Chiste roimhe seo (leibhéal iarbhír an Chiste, gan eisíocaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist a chur san áireamh), ní sháróidh sé sin na ranníocaíochtaí urghnácha ex-post a bheidh le haistriú i leith an ghnímh réitigh áirithe seo agus iad sin a bheidh fós le haistriú i leith gníomhaíochtaí réitigh roimhe seo ag na Páirtithe Conarthacha uile lena mbaineann faoi (i) an dara fleasc de phointe (d) agus (ii) faoin bpointe seo (e) i bhfeidhm i gcomhréir leis an dara fleasc de phointe (d).";

(b) cuirtear isteach an pointe seo:

"(f) Mura leor na hacmhainní airgeadais dá dtagraítear i bpointe (e) chun costais aon bheart réitigh ar leith a chumhdach, aistreoidh na Páirtithe Conarthacha lena mbaineann, le linn na tréimhse aibíochta agus go dtí an t-aisíoc iomlán, na ranníocaíochtaí urghnácha ex post ar féidir a chruinniú go fóill ó na hinstitiúidí a údaraítear ina críocha, laistigh den teorainn ama i gcomhréir leis an dara fomhír a leagtar síos in Airteagal 71 (1) de Rialachán SRA, d'fhonn na hiasachtaí nó cineálacha eile tacaíochta a d'fhéadfadh an Bord a chonrú i gcomhréir le hAirteagal 73 agus Airteagal 74 de Rialachán SRA a chúiteamh.";

(2) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Gan dochar do na hoibleagáidí a leagtar síos faoi phointe (a) go dtí pointe (d) d'Airteagal 5(1), agus le linn na hidirthréimhse, féadfaidh na Páirtithe Conarthacha lena mbaineann a iarraidh ar an mBord Réitigh Aonair úsáid a bhaint, go sealadach, as an gcuid sin de na hacmhainní airgeadais atá ar fáil in urranna an Chiste nach bhfuil i gcumainn fhrithpháirteacha go fóill agus a chomhfhreagraíonn do na Páirtithe Conarthacha eile. Sa chás sin beidh feidhm ag pointe (e) d'Airteagal 5(1).".

AIRTEAGAL 2

Taisceadh

Déanfar an Comhaontú Leasaitheach seo a thaisceadh le hArdrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh ("an Taiscí"), agus cuirfidh an Taiscí cóipeanna deimhnithe chuig na Sínitheoirí uile.

AIRTEAGAL 3

Comhdhlúthú

Bunóidh an Taiscí leagan comhdhlúite den Chomhaontú maidir le ranníocaíochtaí leis an gCiste Réitigh Aonair a aistriú agus a fhrithpháirtiú agus cuirfidh sé chuig na Sínitheoirí uile é.

## AIRTEAGAL 4

### Daingniú, formheas nó glacadh

1. Beidh an Comhaontú Leasaitheach seo faoi réir a dhaingnithe, a fhormheasa nó a ghlactha ag na Sínitheoirí. Déanfar ionstraimí daingniúcháin, formheasa nó glactha a thaisceadh leis an Taiscí.

2. Cuirfidh an Taiscí na Sínitheoirí eile ar an eolas faoi gach taisce agus faoin dáta a ndéanfar é.

## AIRTEAGAL 5

### Teacht i bhfeidhm, cur i bhfeidhm agus aontachas

1. Tiocfaidh an Comhaontú Leasaitheach seo i bhfeidhm ar an dáta a mbeidh na hionstraimí daingniúcháin, formheasa nó glactha taiscthe ag na Sínitheoirí uile atá rannpháirteach sa

Sásra Maoirseachta Aonair agus sa Sásra Réitigh Aonair. Gan dochar do mhír 2, beidh feidhm aige ó dháta a theacht i bhfeidhm.

2. Ar choinníoll go bhfuil an Comhaontú Leasaitheach seo tagtha i bhfeidhm i gcomhréir le mír 1 agus murab é go mbeidh na coinníollacha a shainítear thíos comhlíonta sula mbeidh sé tagtha i bhfeidhm, beidh feidhm ag an gComhaontú Leasaitheach seo ón dáta tar éis dáta comhlíonta na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) maidir leis na Páirtithe Conarthacha a bheidh rannpháirteach sa Sásra Maoirseachta Aonair agus sa Sásra Réitigh Aonair, bunaithe ar mheasúnú na n-institiúidí agus na n-údarás inniúil in 2020, is é a dtátal siúd gur leor a bhfuil déanta de dhul chun cinn maidir le laghdú riosca dá dtagraítear i dTéarmaí Tagartha an Chúlstop Choitinn don Chiste Réitigh Aonair, mar a d'fhormhuinigh Ceannairí Stáit nó Rialtais na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu ag an gCruinniú Mullaigh den Ghrúpa Euro ar an 14 Nollaig 2018 a tionóladh i bhformáid chuimsitheach; agus

(b) tá rún ó Bhord Gobharnóirí an tSásra Cobhsaíochta Eorpaigh an tsaoráid chúlstop a dheonú faoi Airteagal 18a(1) den Chonradh lena mBunaítear an Sásra Cobhsaíochta Eorpach tagtha i bhfeidhm.

3. Sula dtiocfaidh an Comhaontú Leasaitheach seo i bhfeidhm, beidh sé ar oscailt le haghaidh aontachais do Bhallstáit de chuid an Aontais Eorpaigh a aontaíonn don Chomhaontú maidir le ranníocaíochtaí leis an gCiste Réitigh Aonair a aistriú agus a fhrithpháirtiú i gcomhréir le hAirteagal 13 de.

Beidh feidhm freisin ag Airteagal 13 den Chomhaontú maidir le ranníocaíochtaí leis an gCiste Réitigh Aonair a aistriú agus a fhrithpháirtiú maidir le haontachas don Chomhaontú Leasaitheach seo.

Beidh de cheangal ar an mBallstát aontach an t-iarratas ar aontachas don Chomhaontú Leasaitheach seo a thíolacadh an tráth céanna a ndéantar an t-iarratas ar aontachas don Chomhaontú maidir le ranníocaíochtaí leis an gCiste Réitigh Aonair a aistriú agus a fhrithpháirtiú. Beidh éifeacht ag an aontachas tráth a thaiscfear go comhuaineach na hionstraimí aontachais don Chomhaontú maidir le ranníocaíochtaí leis an gCiste Réitigh Aonair a aistriú agus a fhrithpháirtiú agus don Chomhaontú Leasaitheach seo ar aon.

Arna dhéanamh i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag gach téacs acu sin.

| | | |
|---|---|---|
| REPUBLIK ÖSTERREICH Parlamentsdirektion SIEGEL | **Unterzeichner** | Parlamentsdirektion |
| | **Datum/Zeit-UTC** | 2021-03-18T13:51:03+01:00 |
| | **Prüfinformation** | Informationen zur Prüfung des elektronischen Siegels und des Ausdrucks finden Sie unter: https://www.parlament.gv.at/siegel |
| **Hinweis** | Dieses Dokument wurde elektronisch besiegelt. | |